Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Aibreán 2020 (OR. en)**

**5639/2/20 REV 2 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0178(COD)**

**EF 8**
**ECOFIN 38**
**ENV 47**
**SUSTDEV 10**
**CODEC 64**
**PARLNAT 23**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh d'fhonn RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 a ghlacadh<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 15 Aibreán 2020 |

## I. RÉAMHRÁ

An 8 Márta 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún a Phlean Gníomhaíochta i dtaca le 'Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú' lena gcuirtear ar bun straitéis uaillmhianach chuimsitheach maidir le maoiniú inbhuanaithe. Ar cheann de phríomhchuspóirí an phlean gníomhaíochta sin tá sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíocht inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe cuimsitheach a bhaint amach.

Sa chomhthéacs sin, chuir an Coimisiún, an 24 Bealtaine 2018, pacáiste tograí reachtacha faoi bhráid na Comhairle:

– Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, dá ngairtear freisin "an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht";

– Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus rioscaí inbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2016/2341, dá ngairtear freisin "an Rialachán maidir le Nochtadh"; agus

– Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le tagarmharcanna ísealcharbóin agus tagarmharcanna do thionchar dearfach carbóin, dá ngairtear freisin "Rialachán na dTagarmharcanna".

Foilsíodh an Rialachán maidir le Nochtadh agus Rialachán na dTagarmharcanna in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar Rialachán (AE) 2019/2088[1] agus Rialachán (AE) 2019/2089[2], faoi seach.

[1] IO L 317, 9.12.2019, lch. 1.
[2] IO L 317, 9.12.2019, lch. 17.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh i ndáil leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ar an gcéad léamh ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 28 Márta 2019.

Le linn roinnt cruinnithe faoi Uachtaránachtaí éagsúla, rinne an Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais scrúdú ar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht atá beartaithe.

An 25 Meán Fómhair 2019, tháinig Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) ar chomhaontú maidir leis an sainordú caibidlíochta tosaigh. An 16 Nollaig 2019, rinneadh athbhreithniú ar an sainordú sin.

An 16 Nollaig 2019, thángthas ar chomhréiteach deiridh le Parlaimint na hEorpa lenar ceadaíodh tabhairt i crích na caibidlíochta.

An 23 Eanáir 2020, rinne an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) agus an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) de chuid Pharlaimint na hEorpa toradh na caibidlíochta tríthaobhaí a fhormheas. An 24 Eanáir 2020, chuir Cathaoirligh na gCoistí sin litir chuig an Uachtaránacht ina léiríodh go molfaidís don Seisiún Iomlánach go nglacfaí leis an seasamh ón gComhairle, faoi réir fíorúchán dlítheangeolaíoch, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

An 18 Feabhra 2020, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an téacs athbhreithnithe.

Agus an comhaontú thuas á chur san áireamh aici agus tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a bheith déanta, ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an 15 Aibreán 2020, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## II. CUSPÓIR

Ceann de chuspóirí an Phlean Gníomhaíochta i dtaca le 'Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú' is ea sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíocht inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe cuimsitheach a bhaint amach. Chuige sin, is é an beart is tábhachtaí agus is práinní an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, lena mbunófar córas aicmithe aontaithe do ghníomhaíochtaí inbhuanaithe, a ghlacadh. Beidh treoir shoiléir maidir le gníomhaíochtaí a cháilíonn mar chinn a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil ina cabhair le hinfheisteoirí a chur ar an eolas faoi na hinfheistíochtaí lena ndéantar cistiú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ba cheart na critéir lena chinneadh an gcáilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch mar ghníomhaíocht eacnamaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, chun bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a bhaint maidir le cistí a chruinniú le haghaidh tionscadail inbhuanaitheachta, agus chun a chinntiú nach dtiocfaidh na bacainní maidir leis na tionscadail sin chun cinn arís amach anseo. Le comhchuibhiú den sórt sin, is fusa a bheidh sé d'oibreoirí eacnamaíocha cistiú a chruinniú thar theorainneacha dá ngníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, toisc gur féidir a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a chur i gcomparáid le critéir aonfhoirmeacha chun iad a roghnú mar shócmhainní foluiteacha i leith infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Dá bhrí sin, éascóidh comhchuibhiú den cineál sin infheistíocht inbhuanaithe trasteorann san Aontas.

Chun a inbhuanaithe atá gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith ó thaobh an chomhshaoil de a chinneadh, leagfar síos leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht liosta uileghabhálach de na sé chuspóir comhshaoil seo a leanas: maolú ar an athrú aeráide; oiriúnú don athrú aeráide; úsáid inbhuanaithe agus cosaint acmhainní uisce agus muirí; aistriú chuig geilleagar ciorclach; cosc agus rialú ar thruailliú; agus cosaint agus athshlánú na bithéagsúlachta agus éiceachóras.

I gcás gach cuspóir comhshaoil, leagfaidh an Coimisiún síos i ngníomhartha tarmligthe na critéir scagtha theicniúla aonfhoirmeacha lena chinneadh an rannchuidíonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha go mór leis an gcuspóir sin. Príomhghné amháin de na critéir aonfhoirmeacha is ea dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a sheachaint freisin, ionas nach gcáileofar infheistíochtaí mar infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i gcásanna ina ndéanann na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann tairbhe as na hinfheistíochtaí sin dochar suntasach don chomhshaol ar mó é ná an méid a rannchuidíonn siad le cuspóir comhshaoil. Ina theannta sin, coinníoll breise lena gcáileoidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de is ea na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin a bheith i gcomhréir le coimircí íosta.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

(a) Raon feidhme ábhartha

I dtéacs na Comhairle, coinnítear an bhéim sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a mbíonn tionchar substainteach acu ar inbhuanaitheacht an chomhshaoil a shainiú agus, ar an gcaoi sin, freagraíonn an téacs ar an ngéarghá atá lena shainiú ar leibhéal an Aontais céard iad na gníomhaíochtaí a mheasfar a bheith glas. Thairis sin, i dtéacs na Comhairle iarrtar ar an gCoimisiún tuarascáil a fhoilsiú, faoin 31 Nollaig 2021, ina mbeidh cur síos ar na forálacha a theastódh chun an raon feidhme a leathnú chun an méid seo a leanas a chumhdach: gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus nach bhfuil tionchar substainteach acu ar inbhuanaitheacht an chomhshaoil, gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanann dochar suntasach d'inbhuanaitheacht an chomhshaoil, agus cuspóirí inbhuanaitheachta eile amhail cuspóirí sóisialta.

Ina theannta sin, chun an trédhearcacht a fheabhsú agus chun go soláthróidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais pointe comparáide oibiachtúil d'infheisteoirí deiridh maidir le sciar na n-infheistíochtaí a mhaoiníonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, forlíonfaidh an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht na rialacha maidir le trédhearcacht i nochtaí réamhchonarthacha agus i dtuarascálacha tréimhsiúla a leagtar síos sa Rialachán maidir le Nochtadh ní hamháin i ndáil le táirgí airgeadais a chomhlíonann an tacsanomaíocht, ach i leith táirgí airgeadais eile freisin, lena n-áirítear oibleagáid go mbeidh ráitis fhíorasacha ag gabháil leis an bhfaisnéis atá le nochtadh.

<u>(b) Raon feidhme pearsanta</u>

Leis an seasamh ón gComhairle, foráiltear maidir le cuideachtaí móra atá faoi réir oibleagáid chun faisnéis neamhairgeadais a fhoilsiú de bhun Airteagal 19a nó Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE, go ndéanfaidh siad eochairtháscairí áirithe feidhmíochta a bhaineann leis an aeráid agus atá bunaithe ar an gcreat a bhunaítear leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a thuairisciú ina ráitis neamhairgeadais nó ina ráitis neamhairgeadais chomhdhlúite. Leis sin, soláthrófar faisnéis úsáideach d'infheisteoirí a bhfuil suim acu i gcuideachtaí a gcuireann a dtáirgí agus a seirbhísí go mór le haon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

(c) Rialachas

I bhfianaise na sonraí teicniúla sonracha is gá chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar comhshaoil atá ag gníomhaíocht eacnamaíoch agus i bhfianaise gur dual d'athruithe tarlú go sciobtha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht araon, bunóidh an Coimisiún critéir scagtha theicniúla i leith gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus cuirfidh siad in oiriúint go rialta iad i gcomhréir leis na prionsabail agus na nósanna imeachta a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, trí rannpháirteachas Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe agus an Ardáin maidir le Maoiniú Inbhuanaithe. Bunóidh an Coimisiún an tArdán agus beidh líon mór saineolaithe ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon, chomh maith leis an tsochaí shibhialta, rannpháirteach ann.

(d) Aeráidneodracht

Le téacs na Comhairle, leagtar síos ceanglais shoiléire i gcomhair critéir scagtha theicniúla, ceanglais a bheidh ar an gCoimisiún a urramú agus na critéir sin á bhforbairt aige trí ghníomhartha tarmligthe. Leis na critéir sin, inter alia, aithnítear prionsabal na neodrachta theicneolaíche agus critéir scagtha theicniúla á mbunú agus foráiltear leo go n-áiritheoidh na critéir scagtha theicniúla nach gcáilíonn gníomhaíochtaí giniúna cumhachta a úsáideann breoslaí iontaise soladacha mar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ina theannta sin, i dtéacs na Comhairle leagtar síos ceanglais i gcomhair gníomhaíochtaí idirthréimhseacha agus cumasúcháin.

(e) Amlínte cur chun feidhme

Le téacs na Comhairle, ceanglaítear ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt do ghníomhartha tarmligthe a shaothraíonn cuspóirí a bhaineann leis an aeráid ach iad a ghlacadh tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2020 d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad ón 1 Eanáir 2022. Táthar á phleanáil go nglacfar gníomhartha tarmligthe a shaothraíonn na cuspóirí atá fágtha faoin Rialachán maidir le Tacsanomaíocht tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2021 d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad ón 1 Eanáir 2023.

D'fhéadfadh Parlaimint na hEorpa glacadh leis na hathruithe sin.

## IV. CONCLÚID

Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún.

Creideann an Chomhairle gur pacáiste cothrom é a seasamh ar an gcéad léamh agus, tráth a ghlacfar é, go mbeidh príomhról ag an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ó thaobh sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíocht inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe cuimsitheach a bhaint amach agus, dá bhrí sin, gur céim thábhachtach é chun an cuspóir foriomlán a bhaint amach, is é sin Aontas Eorpach atá aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050.